# Straitéis Ealaín na Gaeltachta 2023-2027

*English translation page 16-29*

*Designed version available November 2023*

## Clár


Réamhrá..... 3
Fúinn..... 4
Cúlra..... 4
Misean..... 4
Múnlaí Oibre..... 5

Bunús na straitéise seo.....6
Cur i bhfeidhm Straitéis 2018-2022.....6
Ag éisteacht leis an earnáil…….9
An Comhthéacs reatha.....9

Tosaíochtaí Straitéiseacha 2023-2027..... 11
Pobal ..... 11
Ealaíontóirí……..... 12
Daoine Óga……..... 13
Eagrais……..... 14

Cur i bhfeidhm na straitéise seo ..... 16

Bord & Foireann Ealaín na Gaeltachta..... 16

## Réamhrá

Ó bunaíodh Ealaín na Gaeltachta, is é príomhsprioc na heagraíochta ná earnáil na n-ealaíon Gaeltachta a fhás agus a fhorbairt.

Tá na healaíona Gaeltachta ina mbunchloch den traidisiún agus den chleachtas saibhir uathúil atá faoi bhláth i gceantair Ghaeltachta na hÉireann. Ceantair iad seo ina bhfuil, nó ina mbíodh, an Ghaeilge mar phríomhtheanga labhartha ag an gcuid is mó den phobal. Tá na healaíona Gaeltachta ag fás go leanúnach sna ceantair seo i gcónaí trí chumasc na dtionchar traidisiúnta agus comhaimseartha. Tá na healaíona seo faoi thionchar na timpeallachta ealaíon in Éirinn ach go hidirnáisiúnta chomh maith. Léiriú atá iontu ar athruithe domhanda, sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta a. Baineann ealaíona na Gaeltachta le saol na tuaithe chomh maith leis an saol uirbeach, baineann pobail sa Ghaeltacht agus taobh amuigh den Ghaeltacht leas astu araon agus meallann siad lucht féachana sa bhaile agus i gcéin.

D'fhéadfaí a rá go bhfuil an Ghaeltacht ar an tairseach idir dhá shaol – áit 'idir eatarthu' ina bhfuil, san am i láthair, iliomad saolta, teangacha agus cultúr ag imbhualadh agus ag dul i ngleic lena chéile. Áit ina bhfuil an traidisiún agus an nua-aois á gcomhtháthú; an Ghaeilge – an chéad teanga, a bhfuil a todhchaí faoi bhrú mar theanga phobail agus an Béarla atá ceannasach go domhanda chomh maith le hiliomad teangacha eile ó gach cearn den domhan.

Is beag an deighilt a dhéanann pobail na Gaeltachta idir cultúr na n-ealaíon agus an saol ó lá go lá agus ní mar nithe ar leith a bhreathnaítear orthu i gcónaí. Bíonn na healaíona agus na healaíontóirí mar chuid lárnach den saol laethúil. Feictear é seo i gcás na n-ealaíon a bhaineann leis an teanga labhartha agus an litríocht bhéil ach go háirithe. Cruthaíonn an comhthéacs seo rud atá uathúil agus luachmhar; rud éigin atá imithe i léig in go leor sochaithe agus pobail eile ar fud an domhain. Is fairsing, fáilteach, flaithiúil iad na healaíona Gaeltachta, a fháiltíonn roimh shaibhreas na héagsúlachta, a aithníonn luach na cruthaitheachta agus atá oscailte do chách.

Tá forbairt shuntasach déanta ag Ealaín na Gaeltachta chun tacú le na healaíona sa Ghaeltacht. Tá forbairt déanta ar infreastruchtúr na n-ealaíon trí thionscnaimh éagsúla agus neartaigh sí scileanna agus acmhainní na n-eagraíochtaí ealaíon chomh maith le scileanna agus acmhainní na n-ealaíontóirí Gaeltachta. Chothaigh an eagraíocht an coincheap agus an tuiscint a bhaineann le healaíon fhollasach, fhuinniúil na Gaeltachta. Creidimid gur uirlis thábhachtach agus thairbheach í obair Ealaín na Gaeltachta atá lárnach i bhforbairt chultúrtha, shóisialta agus eacnamaíochta na Gaeltachta.

## Fúinn

### Cúlra

Is fochomhlacht de chuid Údarás na Gaeltachta é Ealaín na Gaeltachta Teo a bunaíodh in 1997. Is comhfhiontar straitéiseach, fadtréimhseach é idir Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon atá dírithe ar fhorbairt na n-ealaíon sa Ghaeltacht. Is comhlacht faoi theorainn ráthaíochta (CTR) é Ealaín na Gaeltachta atá á rialú ag bord neamhspleách.

### Misean

Na healaíona comhaimseartha agus traidisiúnta a fhorbairt agus a chur chun cinn sa Ghaeltacht.

Comhlíonann Ealaín na Gaeltachta misean Údarás na Gaeltachta maidir le:

- cothú a dhéanamh ar thimpeallacht ealaíon atá bisiúil, fuinniúil agus inmharthana mar thacaíocht do, agus mar thoradh ar, phobal Gaeltachta atá bisiúil, fuinniúil agus inmharthana
- tacaíocht a chur ar fáil do na healaíona trí mheán na Gaeilge
- tacaíocht a thabhairt d'ealaíona teangabhunaithe na hÉireann, agus ar an mbealach sin beochan, saibhriú, neartú agus cothú a dhéanamh ar an teanga agus ar an bpobal cainteoirí
- tacaíocht a thabhairt trí mheán na Gaeilge don rochtain ar na healaíona nach ealaíona teangabhunaithe iad agus, ar an mbealach sin, réimse de mhodhanna léirithe cruthaitheacha agus ealaíonta a thairiscint agus a chothú sa Ghaeltacht mar aon le beochan a chur sa teanga agus sa phobal
- tacaíocht a thabhairt do na healaíona chun áit chuí a ghlacadh i ngeilleagar na Gaeltachta
- tacaíocht a thabhairt do na healaíontóirí, na heagraíochtaí, na hócáidí agus na cláir a dhéanann ceiliúradh agus athnuachan ar chultúr uathúil na Gaeltachta trí mheán na n-ealaíon traidisiúnta agus comhaimseartha

Comhlíonann Ealaín na Gaeltachta misean na Comhairle Ealaíon maidir lena leanas:

- tacú leis an ngné uathúil d'ealaíona na hÉireann, mar atá ealaíona na Gaeilge a thagann ó phobail labhartha Gaeilge na Gaeltachta
- freastal ar phobail na Gaeltachta trí mheán na Gaeilge
- úsáid a bhaint as eolas, saineolas agus taithí áitiúil agus speisialaithe mar bhunús do thacaíocht straitéiseach do na healaíona sa Ghaeltacht
- tacaíochtaí straitéiseacha a thairiscint d'ealaíontóirí Gaeltachta chun cuidiú leo a bheith uaillmhianach, nuálach agus sármhaitheas a bhaint amach ina gcuid oibre
- cinntiú go bhfuil rochtain ag pobail Ghaeltachta ar réimse leathan d'eispéiris ardchaighdeáin ealaíon trí mheán na Gaeilge
- cinntiú go bhfuil na healaíona Gaeltachta daingnithe sna háiteanna, sna cultúir agus sna pobail uathúla a bhaineann leis an nGaeltacht
- cuidiú le healaíontóirí Gaeltachta ina bhforbairt ar phróifílí náisiúnta agus idirnáisiúnta

## Múnlaí Oibre

### Áisitheoireacht

Tá an obair a dhéanann na háisitheoirí ealaíon i measc an phobail ina bunchloch in obair Ealaín na Gaeltachta. Mar aon le rannpháirtíocht na n-áisitheoirí le tírdhreach na n-ealaíon réigiúnach, an t-eolas áitiúil a fhaightear agus an rochtain a chuirtear ar fáil, cuimsíonn an áisitheoireacht seo cur chuige Ealaín na Gaeltachta, i gcomhar le heagrais áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, na healaíona Gaeltachta a fhorbairt agus a chur chun cinn.

### Forbairtí Straitéiseacha

Mar fhreagra ar an bhfoghlaim leanúnach a thagann ón obair i measc an phobail, agus ar na bearnaí agus na deiseanna a fheictear sa tírdhreach áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, cuireann Ealaín na Gaeltachta forbairtí straitéiseacha i bhfeidhm i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara.

### Maoiniú

Is iad scéimeanna maoinithe Ealaín na Gaeltachta an t-ineall a thiománann ár gcuid oibre. Le tacaíocht na scéimeanna seo cuirtear bunchloch faoi inmharthanacht na n-ealaíon Gaeltachta, tacaítear le forbairtí straitéiseacha agus cuidítear le fás agus le bláthú na n-ealaíontóirí Gaeltachta.

### Abhcóideacht

Cuireann ár n-obair abhcóideachta go mór le feasacht agus tacaíocht a ardú do na healaíona Gaeltachta agus an ról atá acu sa tsochaí. Tarraingíonn an obair seo aird ar luach na n-ealaíon Gaeltachta, cuidíonn sí le stocaireacht a dhéanamh ar mhaoiniú nó athruithe beartais a thacaíonn leis na healaíona agus éascaíonn sí an obair chun comhpháirtíochtaí agus comhoibriú a thógáil le heagraíochtaí eile a thacaíonn leis na healaíona.

## Bunús na straitéise seo

### Cuir i bhfeidhm Straitéis 2018-2022

Is mór an t-athrú a tharla in earnáil na n-ealaíon agus sa chomhthéacs domhanda le linn tréimhse na straitéise deireanaí. Ag féachaint siar ar na spriocanna straitéiseacha a bhí ag Ealaín na Gaeltachta don tréimhse 2018-2022, is féidir dul chun cinn suntasach a fheiceáil.

| **Sprioc 1. Breis infheistíochta a dhaingniú in infreastruchtúr agus in eagraíochtaí ealaíon reatha sa Ghaeltacht:** |
|---|
| • **Rinneadh athstruchtúrú ar ár scéimeanna maoinithe chun tosaíocht shoiléir a dhéanamh d'eagrais ealaíon ionadbhunaithe. Le linn tréimhse Straitéis 2018 – 2022, ceadaíodh tacaíocht dar luach €1,189,000 do naoi n-eagras, méadú €250,000 ón tréimhse cúig bliana roimhe.** |

| **Sprioc 2. Na tacaíochtaí d'ealaíontóirí Gaeltachta a mhéadú :** |
|---|
| • **Cuireadh luach €1,000,440 de sparánachtaí ar fáil do 186 ealaíontóir le linn tréimhse Straitéis 2018 – 2022, suas ó €301,500 do 180 ealaíontóir sa tréimhse roimhe sin, le hardú suntasach ó €4,000 go €10,000 ar an uasmhéid deontais.** |
| • **Cuireadh Scéim Forbartha na nEalaíon ar bun arís in 2019 agus tugadh tacaíocht do 269 ealaíontóir tabhairt faoi thograí uaillmhianacha le hinfheistíocht iomlán €581,514 idir 2019 agus 2022.** |
| • **Rinneadh méadú agus leathnú ar na deiseanna d'ealaíontóirí Gaeltachta trí thograí & trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha m.sh. cónaitheachtaí ag an Centre Culturel Irlandais agus gTeic Ghaoth Dobhair, an mórléiriú idirnáisiúnta *Óró* agus na comhdhálacha *Ceangal Cwlwm* agus *Amárach. Le Chéile.*** |

| **Sprioc 3. Tacú leis an bhforbairt ar cheannairí agus ar chumasóirí cultúrtha:** |
|---|

- **Thacaigh 24 deontas, dar luach €257506, trí Scéim Forbartha na nEalaíon, le ceannairí agus cumasóirí cultúrtha a gcleachtais a fhorbairt.**

**Sprioc 4. Infheistíocht a mhéadú sna healaíona dírithe ar an óige:**

- **Cuireadh tús le clár gníomhaíochtaí sna healaíona traidisiúnta do dhaoine óga ar fud na Gaeltachta in 2019 le tacaíocht €1.6 milliún ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán idir 2019 agus 2022.**

- **Cuireadh tús le Clár Píolótach Drámaíochta don Óige sa Ghaeltacht in 2021 le tacaíocht €150,000 ón Roinn TCEGSM.**

**Sprioc 5. Cuidiú le pobail na Gaeltachta dul i mbun na n-ealaíon:**

- **Cuireadh deiseanna rannpháirtíochta sna healaíona ar fáil don phobal trí chláir bhliantúla 5 lonad Ealaíon (€1,189,000),**
  **109 féile ealaíon Gaeltachta (€479,250.00),**
  **34 togra agus imeachtaí maoinithe trí Scéim Forbartha na nEalaíon (€324,181) agus an Scéim Síol (265 iarratasóir as buiséad iomlán de €173,000),**
  **126 imeacht ar an Oíche Chultúir (€88,000) agus dhá mhórthogra comhpháirtíochta aon uaire – an mór léiriú *Óró* agus an taispeántas agus camchuairt Gaeltachta *Dath an Dóchais.***
  **D'fhreastail an clár oibre ar thart ar 350,000 duine in 2022 amháin, le freastal díreach ar 2534 duine óg ina measc.**

- **Thacaíomar le heagrais, féilte agus ealaíontóirí teacht ar mhodhanna nua chun teagmháil ealaíne a dhéanamh leis an bpobal le linn tréimhse COVID agus chuir ár gcomhoibriú le TG4 agus Éire Ildánach leis an teacht a bhí ag an bpobal ar shaothar ealaíne Gaeltachta den scoth ar an scáileán.**

- **Thacaigh ár gclár oiliúna cur le cumas eagrais, féilte agus ealaíontóirí eolas faoina gcuid imeachtaí agus tograí a roinnt go héifeachtach leis an bpobal, agus a lucht féachana/éisteachta a fhorbairt**.

- **Thacaigh ár gclár poiblíochta le heolas rialta a roinnt leis an bpobal faoi imeachtaí agus tograí ealaíon sa Ghaeltacht.**

| **Sprioc 6. Cumas eagraíochtúil Ealaín na Gaeltachta a fhás:** |
| --- |
| • **Mhéadaigh buiséad Ealaín na Gaeltachta ó €683,000 in 2017 go €1,800,000 in 2022.** |
| • **Mhéadaigh an fhoireann ó cheathrar lánaimseartha in 2017 go seachtar lánaimseartha agus duine amháin páirtaimseartha in 2022.** |
| • **Lean forbairt ghairmiúil na foirne le hoiliúint ar chúrsaí cothromaíochta, éagsúlachta agus for-rochtana, cinnireacht agus poiblíochta.** |

| **Sprioc 7. Abhcóideacht a dhéanamh d'ealaíona na Gaeltachta:** |
| --- |
| • **Rinneadh forbairt shuntasach ar fheasacht na n-ealaíon Gaeltachta trí fhorbairt ardáin shóisialta Ealaín na Gaeltachta, athdhearadh agus eagráin mhíosúla den nuachtlitir agus athdhearadh ar shuíomh gréasáin Ealaín na Gaeltachta.** |
| • **Bhí Ealaín na Gaeltachta rannpháirteach i bhfeachtais, forbairtí, imeachtaí agus gníomhaíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun feasacht na n-ealaíon Gaeltachta a dheimhniú agus a mhéadú m.sh. forbairt Straitéis d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge, ballraíocht de Thascfhórsa Téarnaimh na nEalaíon agus an Chultúir - Coiste Speisialta um Fhreagra ar Covid-19 an Rialtais, forbairt polasaithe ábhartha na Comhairle Ealaíon, an chomhdháil *Ceangal Cwlwm* ó 2020-2022, na Comharsana Ceilteacha.** |

| **Sprioc 8. Taighde a choimisiúnú ar ealaíona Gaeltachta agus ar an tionchar atá ag infheistíocht agus tacaíocht leanúnach Ealaín na Gaeltachta:** |
| --- |
| • **Rinneadh coimisiúnú ar thaighde sonrach mar bhunchloch do chlár nua sna healaíona dúchasacha don óige agus sa drámaíocht don óige agus tá coimisiúnú déanta ar thaighde athbhreithnithe ar an dá chlár sin.** |
| • **Rinneadh coimisiúnú ar athbhreithniú ar thionchar straitéis Ealaín na Gaeltachta 2018-2022 ó chomhairleoir neamhspleách in 2022.** |

## Ag éisteacht leis an earnáil

Mar chuid riachtanach d'fhorbairt na straitéise seo, leag an bord amach clár cuimsitheach a thóg san áireamh taithí agus ionchur na hearnála agus ár gcuid geallsealbhóirí náisiúnta chomh maith le foireann agus bord Ealaín na Gaeltachta. Leag an clár seo súil ghéar ar obair agus ar chórais na heagraise sa tréimhse roimhe seo, ar an gcomhthéacs reatha, agus ar fhís agus ar mhianta na hearnála don todhchaí.

Le tacaíocht ó chomhairleoir neamhspleách, scaipeadh suirbhé agus ceistneoir ar líne i measc phobal na Gaeltachta agus fuarthas 136 freagra. Bhí dhá rannóg sa cheistneoir seo, ceann amháin ag lorg aiseolais ón bpobal maidir le córais agus modh oibre Ealaín na Gaeltachta, agus ceann eile a bhain le straitéis agus le tionchar Ealaín na Gaeltachta. I ndiaidh anailís a bheith déanta ar thorthaí an tsuirbhé, cuireadh agallamh neamhspleách ar 26 ealaíontóir, grúpaí pobail, eagrais ealaíon, agus geallsealbhóirí eile.

De réir thorthaí an tsuirbhé agus torthaí na n-agallamh, tá córais agus cur chuige Ealaín na Gaeltachta ag feidhmiú go héifeachtach, ach is féidir feabhas a chur ar ghnéithe áirithe – mar shampla córas iarratais a bheith ar líne. De réir thorthaí an tsuirbhé agus torthaí na n-agallamh, tá treo agus straitéis Ealaín na Gaeltachta ag díriú ar riachtanais an phobail, agus is fiú leanúint le misean agus le straitéis atá dírithe ar ealaíontóirí, ar an óige, ar eagrais ealaíon Gaeltachta agus ar rannpháirtíocht an phobail sna healaíona.

## Comhthéacs reatha

Agus an straitéis úr seo á ullmhú, tá Ealaín na Gaeltachta ag tabhairt aird ar thionchar agus lorg phaindéim COVID-19 ar earnáil na n-ealaíon, ar impleachtaí na géarchéime aeráide, ar athruithe ar an dóigh a bhfuil daoine ag cruthú ealaíne agus ag freastal ar imeachtaí ealaíon, agus ar an éiginnteacht atá ag cur struis ar chúrsaí eacnamaíochta agus polaitíochta go náisiúnta agus ar fud an domhain.

Tá aird á tabhairt chomh maith ar straitéis na Comhairle Ealaíon, ar chlár Éire Ildánach, ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2021 agus ar an Straitéis do na hEalaíona Teangabhunaithe atá le foilsiú ag Roinn na Gaeltachta go luath.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha 2023-2027

Titeann tosaíochtaí straitéiseacha Ealaín na Gaeltachta 2023-2027 faoi cheithre theidil: Pobal, Ealaíontóirí, Daoine Óga agus Eagrais.

### Pobal

Is é príomhspriocphobal Ealaín na Gaeltachta ná gach duine a bhfuil cónaí orthu sna ceantair Ghaeltachta. Cuimsíonn sé seo óg agus aosta, seanbhunaithe nó díreach tagtha chomh fada linn.

Tosaíocht: Rannpháirtíocht an phobail a mhéadú sna healaíona.

#### Spriocanna

- Deiseanna a bheith ag an bpobal a bheith rannpháirteach agus fáil a bheith acu ar na healaíona, i ngach ceantar Gaeltachta.
- Forbairt ar infreastruchtúr ealaíon na Gaeltachta.
- An pobal a bheith ar an eolas faoi ról agus obair Ealaín na Gaeltachta.

#### Príomhghníomhaíochtaí

- Forbairt a dhéanamh ar thacaíocht do na heagrais, féilte, tograí agus ealaíontóirí Gaeltachta a chuireann imeachtaí ealaíon ar fáil don phobal trínár scéimeanna maoinithe.
- Comhpháirtíochtaí a leanúint agus a chothú le heagrais chomh maith le tograí ealaíon náisiúnta chun deimhniú go dtéann siad chun leas phobal na Gaeltachta.
- Forbairt a dhéanamh ar chlár oiliúna a thacóidh le ceannairí agus le cumasóirí ealaíon sa Ghaeltacht.
- Bearnaí in infreastruchtúr ealaíona Gaeltachta a aithint agus céimeanna a ghlacadh i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara chun dul i ngleic leo.
- Forbairt a dhéanamh ar chlár abhcóideachta le go mbeidh eolas ag an bpobal faoi obair agus tacaíochtaí Ealaín na Gaeltachta.

#### Torthaí

- Méadú ar líon na ndaoine ar fud na Gaeltachta a bhíonn ag glacadh páirt sna healaíona.
- Fás ar líon na gcumasóirí agus na gceannairí cultúrtha i ngach aoisghrúpa.
- Spásanna agus seirbhísí breise oiriúnacha ealaíon a bheith ar fáil do phobal na Gaeltachta.
- Ardú ar phróifíl na n-ealaíon Gaeltachta, na n-ealaíontóirí Gaeltachta, chomh maith le ról agus tionchar Ealaín na Gaeltachta sa phobal.

## Ealaíontóirí

Tá obair Ealaín na Gaeltachta dírithe go príomha ar ealaíontóirí atá lonnaithe sa Ghaeltacht. I gcomhthéacs na straitéise seo, is é an bhrí atá le healaíontóir ná duine a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíocht a bhaineann le healaín a chruthú, na healaíona a chleachtadh, agus/nó ealaín a léiriú ag baint úsáide as samhlaíocht chruthaitheach.

Tosaíocht: Tacú le healaíontóirí Gaeltachta a gcleachtais agus a ngairmeacha beatha a chothú agus a fhorbairt.

### Spriocanna

- Cuidiú le healaíontóirí Gaeltachta feabhas agus forbairt a chur ar a gcleachtais ag gach staid dá ngairmeacha.
- Tacú le healaíontóirí Gaeltachta teacht ar lucht féachana/éisteachta dá saothar agus gairm bheatha a bhaint amach.
- Próifíl na n-ealaíontóirí Gaeltachta a ardú agus aitheantas a thabhairt dá saothar.

### Príomhghníomhaíochtaí

- Tacaíocht a chur ar fáil d'ealaíontóirí Gaeltachta trínár scéimeanna maoinithe.
- Deiseanna forbartha a chur ar fáil d'ealaíontóirí Gaeltachta trínár gclár oiliúna.
- Comhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta chun spásanna oibre oiriúnacha agus tacaíochtaí cuí a chur ar fáil d'ealaíontóirí.
- Tacú le healaíontóirí Gaeltachta teacht ar dheiseanna agus ar fhoinsí tacaíochta breise.
- Leanúint leis an gcomhoibriú le heagrais náisiúnta agus idirnáisiúnta (go háirithe leis an gComhairle Ealaíon) le go mbeadh fáil chothrom ag ealaíontóirí Gaeltachta ar dheiseanna agus ar thacaíochtaí.
- Bearnaí i réimsí ealaíon faoi leith a aithint agus oibriú i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara chun tabhairt faoi ghníomhartha forbartha ina leith.
- Leanúint ar aghaidh agus forbairt a dhéanamh ar chlár abhcóideachta chun próifíl na n-ealaíontóirí Gaeltachta a ardú.

### Torthaí

- Méadú ar líon na n-ealaíontóirí Gaeltachta lena mbímid ag plé.
- Méadú ar an tacaíocht d'ealaíontóirí Gaeltachta nua atá ag teacht chun cinn.
- Méadú ar an réimse agus ar líon na n-deiseanna agus na dtacaíochtaí a mbaineann ealaíontóirí Gaeltachta leas astu.
- Ardú ar phróifíl ealaíontóirí Gaeltachta agus a saothar go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Aitheantas a thabhairt do na healaíona Gaeltachta mar ghné shainiúil agus lárnach d'earnáil na n-ealaíon go náisiúnta.

## Daoine Óga

Is ar dhaoine óga a bhfuil cónaí orthu i gceantair Ghaeltachta a dhíríonn obair Ealaín na Gaeltachta.

Tosaíocht: Tacú le deiseanna rannpháirtíochta sna healaíona don óige.

### Spriocanna

- Méadú ar an líon agus ar an réimse deiseanna atá ar fáil d'óige na Gaeltachta chun bheith rannpháirteach sna healaíona (mar spriocghrúpa agus mar lucht féachana).
- Tacú le heagrais agus le healaíontóirí dea-chleachtas a bhaint amach ina gcuid oibre leis an óige.
- Deimhniú go bhfuil guth na hóige lárnach in obair Ealaín na Gaeltachta agus sna heagrais mhaoinithe a bhaineann léi.
- Beidh obair agus tacaíochtaí Ealaín na Gaeltachta maidir leis an óige córasúil trasna ár scéimeanna maoinithe, na réimsí ealaíon agus ár gcláracha oibre
- Rannóg óige a fhorbairt laistigh d'Ealaín na Gaeltachta a bheidh ag plé leis na réimsí ealaíon uile.

### Príomhghníomhaíochtaí

- Leanúint leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil do na healaíona don óige trínár gclár oibre agus bearnaí a aithint agus céimeanna a ghlacadh chun dul i ngleic leo.
- Comhpháirtíochtaí a leanúint agus a chothú le heagrais agus tograí ealaíon náisiúnta chun deimhniú go dtéann siad chun leas óige na Gaeltachta.
- Leanúint agus tógáil ar an gclár oiliúna agus forbartha i réimsí dea-chleachtais in earnáil na n-ealaíon don óige.
- Múnla agus próiseas comhairliúcháin leis an óige a fhorbairt agus a chomhtháthú in infreastruchtúr Ealaín na Gaeltachta.
- Athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar scéimeanna maoinithe agus ar chórais oibre Ealaín na Gaeltachta chun tacaíocht chórasach agus tacaíocht níos éifeachtaí a fhorbairt sna healaíona don óige.

### Torthaí

- Ardú agus leathnú amach a dhéanamh ar an líon agus ar an gcineál gníomhaíochtaí/ imeachtaí ealaíon atá ar fáil d'óige na Gaeltachta.
- Ardú ar líon na ndeiseanna agus na spásanna inar féidir leis an óige a gcuid tuairimí a chur in iúl agus tionchar a bheith acu i leith na n-ealaíon sa Ghaeltacht.
- Dea-chleachtas maidir leis an óige a bheith i bhfeidhm in obair iomlán Ealaín na Gaeltachta.
- Córas maoinithe comhtháite laistigh d'Ealaín na Gaeltachta do na healaíona don óige atá córasach agus trédhearcach.

## Eagrais

Baineann an réimse seo go príomha le heagraíochtaí atá lonnaithe sa Ghaeltacht agus a thacaíonn le cur chun cinn na n-ealaíon sa Ghaeltacht. Is ceann de na heagrais sin í Ealaín na Gaeltachta.

Tosaíocht: Bonneagar ealaíon na Gaeltachta a neartú.

### Spriocanna

- Cumas, acmhainn agus tionchar na n-eagras ealaíon Gaeltachta a fhás agus a fhorbairt ar bhonn inbhuanaithe
- Cumas eagraíochtúil Ealaín na Gaeltachta a fheabhsú chun freastal go héifeachtach ar riachtanais na hearnála
- Tionchar Ealaín na Gaeltachta a neartú in earnáil na n-ealaíon sa Ghaeltacht, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta

### Príomhghníomhaíochtaí

- Leanúint leis an tacaíocht d'eagrais ealaíon trínár scéimeanna maoinithe.
- Tacú le heagrais ealaíon Gaeltachta clár forbartha a chur i bhfeidhm chun bonn inbhuanaithe a chur faoina gcuid oibre
- Clár oiliúna a fhorbairt chun tacú le dea-chleachtais sna heagrais a mbímid ag plé leo
- Comhoibriú lenár bpríomh-mhaoinitheoirí chun maoiniú ilbhliantúil a aontú d'Ealaín na Gaeltachta chun freastal níos éifeachtaí a dhéanamh ar riachtanais na n-eagras
- Caidreamh leanúnach a fhorbairt idir fhoireann Ealaín na Gaeltachta agus foireann na Comhairle Ealaíon maidir le cúrsaí ealaíon agus cúrsaí forbartha na n-ealaíon
- Straitéis Oiriúnaithe Aeráide d'Ealaín na Gaeltachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Athbhreithniú agus athchóiriú ar chórais inmheánacha Ealaín na Gaeltachta le go gcuirfear córas níos éifeachtaí i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais na hearnála
- Forbairt a dhéanamh ar chleachtais agus ar chórais mhonatóireachta mheastóireachta chun riachtanais na hearnála a thuiscint agus a mheas go leanúnach
- Sonraí agus eolas a bhailiú ar an dóigh chéanna is atá an Chomhairle Ealaíon á mbailiú, de réir mhúnlaí agus cur chuige atá in úsáid ag na hÚdaráis Áitiúla
- Cumas agus saineolas fhoireann Ealaín na Gaeltachta a chothú trí oiliúint, forbairt ghairmiúil agus naisc a chothú ar fud earnáil na n-ealaíon go náisiúnta
- Ealaín na Gaeltachta a chur chun tosaigh mar chuid lárnach d'earnáil na n-ealaíon go náisiúnta agus naisc shuntasacha a fhorbairt le heagrais náisiúnta ar bhonn rialta

### Torthaí

- Beidh maoiniú ilbhliantúil ar fáil d'Ealaín na Gaeltachta
- Beidh eagrais ealaíon Gaeltachta ag feidhmiú ar bhonn inbhuanaithe agus mar chuid lárnach de bhonneagar náisiúnta na n-ealaíon

- Beidh dea-chleachtas a chothú go leanúnach ag na heagrais a mbímid ag plé leo
- Beidh córais úra i bhfeidhm ag Ealaín na Gaeltachta, mar shampla córas iarratas ar líne
- Léireoidh monatóireacht, meastóireacht agus tuairisciú tionchar na hinfheistíochta
- Beidh Straitéis Oiriúnaithe Aeráide i bhfeidhm ag Ealaín na Gaeltachta

## Cur i bhfeidhm na Straitéise seo

Déanfaidh Bord Ealaín na Gaeltachta an straitéis seo agus na pleananna feidhmithe a ghabhann léi a chur faoi scrúdú ar bhonn bliantúil. Déanfar meastacháin leanúnacha i leith na straitéise agus déanfar í a phlé leis na príomh-mhaoinitheoirí ar bhonn bliantúil chomh maith.

Tabharfaidh muid tús áite do ghuth agus do dhearcadh na n-ealaíontóirí, guth an phobail, guth na hóige agus na n-eagras Gaeltachta agus beidh dlúthchaidreamh againn lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár gcuid geallsealbhóirí agus muid i mbun na hoibre seo.

## Bord & Foireann Ealaín na Gaeltachta

### An Bord

Siubhán Nic Grianna (Údarás na Gaeltachta) - Cathaoirleach

Miriam Ní Néill (Údarás na Gaeltachta) - Rúnaí

Mary Uí Chadhain (ionadaí bhord Údarás na Gaeltachta)

Lís Ní Dhálaigh

Paddy Glackin

### An Fhoireann

Micheál Ó Fearraigh, Feidhmeannach Forbartha Ealaíon (fostaithe ag Údarás na Gaeltachta)

Muireann Ní Dhroighneáin, Áisitheoir Ealaíon Chonnacht & Co. na Mí

Beartla Ó Flatharta (ag clúdach bliain scoir) Áisitheoir Ealaíon Chonnacht & Co. na Mí

Rachel Holstead, Áisitheoir Ealaíon Mumhan

Danielle Nic Pháidín, Áisitheoir Ealaíon Thír Chonaill

Clíodhna Ní Bheaglaoich, Riarthóir Ealaíon páirtaimseartha i gCúige Mumhan

Freda Nic Giolla Chatháin, Oifigeach Forbartha Ealaíon don Óige

Aoife Ní Chonghaile, Oifigeach Cúnta Ealaíona don Óige

Máire Ní Thuathail Uí Laoi, Oifigeach Cúnta Ealaíona don Óige/Riarthóir ar Chlár Cuisle

Margaret Anne Ní Fhearraigh, Riarthóir Ealaíon

Tá tacaíochtaí éagsúla maidir le riarachán, cúrsaí airgeadais, áiseanna agus eile á gcur ar fáil go leanúnach ag Údarás na Gaeltachta.